

Cúlra ar Chaiteachas agus ar Shuirbhé Staitisticiúil Scoileanna DEIS i 2012

Tar éis dhá Mheastóireacht ar DEIS ón bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) agus ó Chigireacht na Roinne a fhoilsíú i 2011, rinneadh eolas a lorg i 2012 ó raon randamach scoileanna DEIS maidir leis an úsáid a bhí á baint acu as an Deontas DEIS bliantúil don bhliain scoile ar leith 2011/12.

Seachas breathnú go haonarach ar chaiteachas an Deontais DEIS, rinneadh eolas a lorg freisin maidir leis an spriocghrúpa, cuspóirí agus torthaí na n-idirbheartaíochtaí a bhí curtha ar fáil agus pé acu an raibh siad ceangailte leis an bpleanáil scoile agus leis na gníomhaíochtaí a bhí luaite i bPleananna Gníomhaíochtaí na Scoileanna do DEIS. Iarradh ar scoileanna freisin a bPlean Gníomhaíochtaí DEIS don scoilbhliain 2011/12 a chur isteach.

Roghnaíodh go randamach 100 scoil DEIS san iomlán (75 Bunscoileanna agus 25 Iar-Bhunscoileanna) do Shuirbhé 2012.

Iarradh ar scoileanna eolas a sholáthar freisin faoin rannpháirtíocht iontu seo a leanas:

- Clár na mBéilí Scoile
- Scéim Deontas na Leabhar Scoile (Leabhair ar Cíos)
- Idirbheartaíochtaí ón gClár Críochnaithe Scolaíochta
- Idirbheartaíochtaí Litearthachta/Uimhearthachta
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Torthaí Shuirbhé 2012

Léirigh anailís ar Fhoirmeacha Suirbhé comhlánaithe faoi na hIdirbheartaíochtaí atá ar fáil iad seo a leanas:-

- Tá scoileanna tar éis raon leathan idirbheartaíochtaí a chur ar fáil ag baint úsáide as Deontas DEIS.
- Baineann gach scoil úsáid as a nDeontas DEIS do ghníomhaíochtaí TBSP cé gur tharla, i gcásanna áirithe, nach raibh na deontais TBSP fo-roinnte i gcatagóirí ar nós cúrsaí do thuismitheoirí, costais na gComhordaitheoirí TBSP, tacaíocht Thuismitheora.
- Baineann thart ar dhá thrian de na scoileanna a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as an Deontas DEIS do ghníomhaíochtaí spóirt agus fóillíochta, ar nós snámh, damhsa, ceol agus ealaín /ceardaíochtaí, agus úsáideann an ceathrú cuid é do thurasanna/taisteal oideachasúil agus do chlubanna i ndiaidh na scoile/obair bhaile.
- Tá córas rainaithe tinrimh ag thart ar leath de na scoileanna a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáideann an ceathrú cuid an deontas DEIS do Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).
- Baineann tromlach na scoileanna úsáid as an Deontas DEIS do raon idirbheartaíochtaí litearthachta/uimhearthachta, ar a n-áirítear acmhainní litearthachta/uimhearthachta. Faoi chatagóir na litearthachta/uimhearthachta, baineann roinnt scoileanna úsáid as an Deontas don inseirbhís, do mheasúnuithe agus do thástáil oideachasúil.

Torthaí Ginearálta

- Cé go bhfuil raon leathan agus éagsúl idirbheartaíochtaí curtha ar fáil, níor éirigh le líon mór Suirbhéanna léiriú sách iomlán a thabhairt ar an éifeacht a bhaineann leo seo ag leibhéal na scoile. Cé go mb'fhéidir go mbaineann sé seo leis na srianta a bhaineann lena leithéid de staidéar, léiríonn na torthaí go soiléir ábhair inní maidir le pleanáil, spriocanna agus torthaí a leagan amach, gach ceann acu seo mar chinntitheacha ar éifeachtacht idirbheartaíochtaí atá curtha ar fáil agus ar acmhainní atá curtha ar of fáil.
- Tugann torthaí na hanailíse le fios go bhféadfadh go bhfuil líon suntasach de na scoileanna DEIS a ndearnadh suirbhé orthu nach bhfuil ag cloí leis, nó nach dtuigeann go hiomlán, na nithe seo a leanas nuair a bhíonn Pleananna Gníomhaíochta DEIS agus úsáid na n-acmhainní á soláthar acu:
 - na daltaí is mó atá i mbaol chun acmhainní breise a dhíriú orthu a aithint
 - na riachtanais a bhaineann leis na spriocdhaltaí a aithint
 - na réimsí tosaíochta don ghníomhaíocht chun freastal ar riachtanais na spriocdhaltaí a aithint
 - na torthaí a bhfuiltear ag súil leo chun freastal ar riachtanais na spriocdhaltaí a aithint
 - na hidirbheartaíochtaí a bhainfidh amach na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a aithint agus a chur ar fáil
- Tá torthaí an tsuirbhé seo ar aon dul leis na torthaí ó mheastóireacht na Cigireachta 2011 ar an bpleanáil in Iar-Bhunscoileanna DEIS. Cé go bhfuil torthaí an tsuirbhé ó na 75 Bunscoileanna DEIS beagán beag níos fearr ná torthaí na nIar-Bhunscoileanna ó thaobh na n-idirbheartaíochtaí atá aitheanta, ó thaobh na gcuspóirí agus na dtorthaí, tá scóip don fheabhsúchán sa tuairisciú orthu seo ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon. Tá léiriú le fáil air seo sna Pleananna Gníomhaíochta DEIS agus i gcáilíocht na sonraí a cuireadh ar fáil i dTuairisceáin an tSuirbhé.

Tá poitéinseal suntasach ann chun acmhainní airgeadais DEIS a dhíriú ar bhealach níos oiriúnaí ar na daltaí is mó atá i mbaol de réir na ngníomhaíochtaí ar leith atá luaite i bPleananna Gníomhaíochta DEIS na scoileanna, trí riachtanais gach spriocghrúpa ar leith a aithint agus idirbheartaíochtaí a oireann do na riachtanais sin a chur i bhfeidhm. Is gá freisin fócas breise a dhíriú ar an nasc idir ionchur agus torthaí agus ar an tábhacht a bhaineann leis an ngné seo den chlár DEIS i scoileanna a dhaingniú.

- Cuireann an staidéar seo leis na meastóireachtaí ar scoileanna DEIS.

De réir mar a luaitear in Alt 18 den Acht Oideachais 1998/Alt 51 den Acht um BOO 2013, éilíonn an Roinn go leanfaidh scoileanna ar thaifead a choimeád ar na gníomhaíochtaí uile a dhéantar, ar na hábhair agus ar na hacmhainní a cheannaítear leis na deontais. Déantar cuntais ioncaim agus caiteachais a choimeád sa scoil/BOO, agus iad le cur ar fáil, más gá, d'Oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus/nó d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.